An tSaotharlann Stáit
State Laboratory



# State Laboratory Strategy
## 2024 - 2034

Excellence in chemical analysis and innovation



# Message from the State Chemist

I am delighted to present the State Laboratory's 10-year strategy, which sets out the long-term strategic goals of the Laboratory for the period 2024 – 2034. This strategy is complementary to the State Laboratory's Strategy Statement, which describes the 3-year strategic plans.

The State Laboratory is part of the Civil Service and provides a comprehensive analytical chemistry and advisory service to over 30 clients across a range of Government Departments and Public Sector Bodies. Our clients continue to indicate high satisfaction ratings in our annual Customer Satisfaction Surveys. This reflects the high quality, responsive and expert scientific service provided and it is our mission to continue to provide the same high standards of service to clients.

Demand for analytical chemistry and advisory services continues to grow significantly from both new and existing clients. Our strategic goals will ensure we can adapt and grow to meet the evolving requirements from clients. The State Laboratory is fully committed to *Better Public Services – the Public Service Transformation 2030 Strategy* and to the vision of an Agile, Innovative and Professional Laboratory.

The State Laboratory recognises and values all of our staff as our most important asset. This strategy supports a highly talented, diverse, skilled and motivated workforce who are empowered and engaged through working in a collaborative, inclusive and supportive working environment.

In 2024, the State Laboratory celebrated 100 years of providing services to improve the lives of the people of Ireland. As we enter our second century, our strategic goals will enable us to continue providing a high quality, efficient and excellent service to clients.

Barbara O'Leary
State Chemist





## State Laboratory Mission

To deliver a high quality analytical chemistry service and provide specialist advice to the State

## State Laboratory Vision

Excellence in chemical analysis and innovation

## State Laboratory Values

- Rigorous, independent and objective scientific analysis
- High quality, agile service to clients
- Accountable, professional, collaborative and responsive



# Strategic Goals



## Goal 1: People

In the State Laboratory, we have a culture of high performance and continuous improvement, which encourages high levels of engagement and personal development. We support the well-being and work-life balance of staff with policies that include flexible working hours, part-time working options, career breaks, blended working, and sports and social activities. The State Laboratory is committed to championing an inclusive and diverse workforce that reflects modern Ireland and the people we serve. We strive to create a culture where everyone has equal access to opportunity and feels comfortable and confident to be themselves at work.

*Actions*

- **Promote a collaborative, high-performing, positive and inclusive work environment**
- **Invest in our staff to enable them to reach their full potential**
- **Develop exceptional leaders**



## Goal 2: Innovation and expertise

The State Laboratory embraces innovation in order to continuously improve, deliver best in class services and to tackle the many challenges and opportunities that arise. Developing expertise in chemistry is essential for the future success of the Laboratory and this requires training, on-the-job learning, a research culture, participation in international working groups and attendance at conferences and workshops. To succeed, expertise in disciplines including IT, Finance, HR, Health and Safety, and Communications is also essential.

*Actions*

- **Cultivate an environment where innovation and expertise thrive**
- **Pioneer the use of the latest technologies in order to allow us to meet changing requirements of clients**
- **Establish clear pathways that promote continuous learning and skill acquisition for staff throughout their career**

# Strategic Goals



## Goal 3: Quality

Our clients consistently tell us that the quality of the results is the most important aspect of the service they receive from the State Laboratory. Those impacted by the analytical results and advice we provide trust us to deliver accurate and reliable information. The State Laboratory is committed to the highest standards of professionalism and scientific excellence and to a public service ethos of independence, integrity and impartiality.

*Actions*

- **Maintain a culture of accountability and scientific excellence**
- **Operate a Quality System that meets the requirements of ISO 17025**
- **Foster a culture of continuous improvement**




## Goal 4: Service to clients

The State Laboratory's clients include a range of Government Departments and Public Sector Bodies with a variety of requirements for chemical analysis and advice. The State Laboratory is committed to providing a quality and responsive service to clients with service level agreements in place, tailored to the specific requirements of each client, and a clear pathway for resourcing new requirements.

*Actions*

- **Demonstrate a commitment to quality and reliability in all interactions with clients, building trust and loyalty over time**
- **Gather feedback from clients regularly to identify areas for improvement and tailor services to their preferences**
- **Be agile to respond to changing requirements from clients**

# Strategic Goals



The State Laboratory must be sustainable to deliver its essential services for the long-term. This means adapting quickly to economic, social and environmental changes including government policy, legislation and client requirements. As part of the Civil Service, the State Laboratory is committed to embracing civil service strategies and values. Taking actions in response to the climate crisis and becoming more energy efficient is an important part of our sustainability approach.

## Goal 5: Sustainability

*Actions*

- **Minimise our impact on climate and the environment**
- **Strive for efficiency in all we do**
- **Adapt quickly to external changes to maintain a thriving organisation**
- **Forge collaborative initiatives with other organisations to accelerate progress towards our objectives**

## The work of the State Laboratory supports these UN Sustainable Development GOALS



# State Laboratory Clients 2024

| Parent Department | Vote | Client | Division | Service Provided |
|---|---|---|---|---|
| Agriculture, Food and the Marine | 30 | Department of Agriculture, Food and the Marine | Animal Health and Imports Policy Division | Analysis of imported food samples to support EU Veterinary Drug Residues and Contaminants Control Plans. |
| Agriculture, Food and the Marine | 30 | Department of Agriculture, Food and the Marine | Dairy Controls and Certification Division | Analysis of dairy products including infant formula, food for special medicinal purposes and ingredients used to produce formula for various contaminants to support the EU Contaminants Control Plan. Analysis of Cream liquers for alcohol content. |
| Agriculture, Food and the Marine | 30 | Department of Agriculture, Food and the Marine | Direct Payment Division | Analysis of THC and moisture content of hemp crops to assess compliance with limits so growers can avail of financial supports. |
| Agriculture, Food and the Marine | 30 | Department of Agriculture, Food and the Marine | Feedingstuffs, Fertilisers, Grain and Poultry Division | Analysis of animal feedingstuffs to support the Feedingstuffs Annual Control Programme for Ireland (FACP) and analysis of fertilisers and limestones in accordance with EU Regulation 2019/1009 and SI 248/1978. |
| Agriculture, Food and the Marine | 30 | Department of Agriculture, Food and the Marine | Food Industry Development Division | Analysis of various Whiskeys for 13 volatile alcoholic congeners to support Protected Geographical Indication (PGI) authentication of Irish Whiskeys. |
| Agriculture, Food and the Marine | 30 | Department of Agriculture, Food and the Marine | Horticulture and Plant Health | Analysis of fruit juices for patulin, and analysis of leafy green vegetables for nitrate levels to support the EU Contaminants Control Plan. |
| Agriculture, Food and the Marine | 30 | Department of Agriculture, Food and the Marine | Investigations Division | Analysis of seized veterinary medicines to identify the active ingredient(s) to support prosecutions and analysis of biological matrices for veterinary drug residues to support prosecutions. |
| Agriculture, Food and the Marine | 30 | Department of Agriculture, Food and the Marine | Veterinary Laboratory Service | Analysis of toxicants in samples taken from birds of prey, other animals and suspected baits to assist determination of cause of death. |

| Parent Department | Vote | Client | Division | Service Provided |
|---|---|---|---|---|
| Agriculture, Food and the Marine | 30 | Department of Agriculture, Food and the Marine | Veterinary Medicines Section (National Residue Control Plan) | Analysis of biological samples for a variety of classes of veterinary drugs to support the National Residue Control Plan. |
| Agriculture, Food and the Marine | 30 | Department of Agriculture, Food and the Marine | Veterinary Medicines Section (Contaminants Control Plan) | Analysis of various foods of animal origin for various contaminants, including halogenated persistent organic pollutants and mycotoxins, to support EU Contaminants Control Plan. |
| Enterprise, Trade and Employment | 32 | Department of Enterprise, Trade and Employment | Trade Licensing and Control Unit; Inward Investment and North-South division; Competition and Consumer Policy Section | Technical support and advice in relation to chemical/industrial products subject to trade controls or sanctions prohibitions. |
| Environment, Climate and Communication | 29 | Department of Environment, Climate and Communications | Air Quality and Environmental Radiation Policy | Analysis of hydrocarbon oils for sulphur content to support EU controls in respect of environmental monitoring of the sulphur content of specific fuel oils. |
| Environment, Climate and Communication | 29 | Environmental Protection Agency | Air Quality & Water Quality Departments | Analysis of milk for dioxins/PCBs and PFAS and analysis of fish for dioxins/PCBs for environmental monitoring purposes. |
| Foreign Affairs | 28 | Department of Foreign Affairs | Disarmament and Non-Proliferation, Political Division | Technical support and advice to assist DFA in fulfilling national obligations under the Chemical Weapons Convention. |
| Health | 38 | Food Safety Authority of Ireland | Chemical Safety | Analysis of food for halogenated persistent organic pollutants to support EU Contaminants Control Plan. |
| Health | 38 | Food Safety Authority of Ireland | Novel Foods | Analysis of novel food products for various cannabinoids. |
| Health | 38 | Food Safety Authority of Ireland | Risk Management & Regulatory Affairs, Audit & Investigation | Analysis of food supplements and related products for various active pharmaceutical ingredients. |

| Parent Department | Vote | Client | Division | Service Provided |
|---|---|---|---|---|
| Health | 38 | Health Products Regulatory Authority | Compliance | Analysis of seized medicinal products to identify the active ingredient(s) for enforcement purposes. |
| Health | 38 | Health Service Executive | Environmental Health Service - Tobacco Control Network Support Unit (TCNSU) | Analysis of e-liquids for nicotine and volume, and analysis of cigarettes for nicotine, carbon monoxide, and total particulate matter. |
| Health | 38 | Health Service Executive | Hospitals connected to the Early Warning and Emerging Trends subcommittee, chaired by the Department of Health. | Analysis of Novel Psychoactive substances (NPS) to assist the HSE in harm reduction programmes. |
| Housing, Local Government and Heritage | 34 | Chester Beatty | | Occasional requests for analysis of art and heritage samples. |
| Housing, Local Government and Heritage | 34 | Department of Housing, Local Government and Heritage | National Parks and Wildlife Service | Analysis of toxicants in samples taken from birds of prey, other animals and suspected baits to assist determination of cause of death. |
| Housing, Local Government and Heritage | 34 | National Archives of Ireland | | Occasional requests for analysis of art and heritage samples. |
| Housing, Local Government and Heritage | 34 | National Gallery of Ireland | | Occasional requests for analysis of art and heritage samples. |
| Housing, Local Government and Heritage | 34 | National Library of Ireland | | Occasional requests for analysis of art and heritage samples. |
| Housing, Local Government and Heritage | 34 | National Museum of Ireland | | Occasional requests for analysis of art and heritage samples. |
| Justice | 24 | Department of Justice | Coroner Service | Analysis of samples from post-mortem examinations to confirm presence or absence of ethanol, legal and illegal drugs and other toxic substances to assist in determining cause of death. |

| Parent Department | Vote | Client | Division | Service Provided |
|---|---|---|---|---|
| Justice | 24 | Department of Justice | Office of the State Pathologist | Analysis of samples from post-mortem examinations to confirm presence or absence of ethanol, legal and illegal drugs and other toxic substances to assist in determining cause of death in criminal investigations. |
| Revenue Commissioners | 9 | Revenue | Classification, Origin and Valuation Unit, Classification A Section | Comprehensive Tariff classification advisory service (customs consultation and specific tariff classification confirmation). Representation at World Customs Organisation (WCO) and Customs Consultative Committee (CCC) meetings where necessary. |
| Revenue Commissioners | 9 | Revenue | Investigation, Prosecution and Frontier Management Division (IPFMD) | Analysis of mineral oils, alcoholic beverages and non-potable alcohol-containing products for various parameters to support Revenue in determining the appropriate excise duties applicable, combating fraud and the production and distribution of counterfeit spirits. |
| Revenue Commissioners | 9 | Revenue | Investigations, Prosecutions and Frontier Management Division (IPFMD) | Analysis of suspected seized drugs, to determine THC content, or to identify other prohibited analytes. |
| Revenue Commissioners | 9 | Revenue | Large Case Division (LCD) | Analysis of alcohol-containing products for %ABV to support Revenue in determining the excise duty payable and in monitoring compliance. |
| Transport | 31 | Department of Transport | Marine Survey Office | Analysis of marine oils for sulphur content which fall under the National, MARPOL & EU legislation (Directive EU 2016/802: Sea Pollution Act 1991(as amended): SI 361 of 2015). |
| Transport | 31 | Department of Transport | The Irish Coast Guard | Oil Spill Identification Network (OSINet) representative for Ireland. OSINet supports its members in using oil forensic analysis to prove the origin of marine pollution by oil and as evidence for the reimbursement of the cost of response operations under governmental claims. |

An tSaotharlann Stáit
State Laboratory



# Straitéis Saotharlainne Stáit 2024 - 2034

## Barr feabhais in anailís cheimiceach agus i nuálaíocht



# Teachtaireacht ón gCeimiceoir Stáit

Tá an-áthas orm straitéis 10 mbliana na Saotharlainne Stáit a chur i láthair, ina leagtar amach spriocanna straitéiseacha fadtéarmacha na Saotharlainne don tréimhse 2024 – 2034. Tá an straitéis seo ag teacht le Ráiteas Straitéise na Saotharlainne Stáit, ina ndéantar cur síos ar na pleananna straitéiseacha 3 bliana.

Tá an tSaotharlann Stáit mar chuid den Státseirbhís agus cuireann sí seirbhís chuimsitheach anailíseach ceimice agus chomhairleach ar fáil do bhreis agus 40 cliant ar fud raon Ranna agus Oifigí Rialtais. Leanann ár gcliaint ar aghaidh ag léiriú rátálacha sásaimh an-ard inár Suirbhéanna bliantúla ar Shásamh Custaiméirí. Léiríonn sé sin an tseirbhís eolaíochta ardchaighdeáin, fhreagrúil agus shaineolach a chuirtear ar fáil agus is é ár misean leanúint de na hardchaighdeáin seirbhíse chéanna a sholáthar do chliaint.

Tá an t-éileamh ar cheimic anailíseach agus ar sheirbhísí comhairleacha ag fás go mór as measc cliaint nua agus cliaint atá ann cheana féin. Cinnteoidh ár spriocanna straitéiseacha gur féidir linn oiriúnú agus fás chun freastal ar na riachtanais athraitheacha ó chliaint. Tá an tSaotharlann Stáit tiomanta go hiomlán do Sheirbhísí Poiblí Níos Fearr – Straitéis Claochlaithe na Seirbhíse Poiblí 2030 agus don fhís le haghaidh Saotharlann Shofhreagrúil, Nuálach agus Ghairmiúil.

Aithníonn agus tuigeann an tSaotharlann Stáit gurb í ár bhfoireann go léir an tsócmhainn is tábhachtaí atá againn. Tacaíonn an straitéis seo le lucht saothair ardchumasach, éagsúil, oilte agus spreagtha a bhraitheann cumhachtaithe agus rannpháirteach trína gcuid oibre a dhéanamh i dtimpeallacht oibre chomhoibríoch, chuimsitheach agus thacúil.

In 2024, rinne an tSaotharlann Stáit ceiliúradh ar 100 bliain de sheirbhísí a chur ar fáil chun saol mhuintir na hÉireann a fheabhsú. Agus muid ag dul isteach sa dara haois, cuirfidh ár spriocanna straitéiseacha ar ár gcumas leanúint ar aghaidh ag soláthar seirbhís ardchaighdeáin, éifeachtúil agus den scoth do chliaint.



Barbara O'Leary
Ceimiceoir Stáit



## Misean na Saotharlainne Stáit

**Seirbhís ceimice anailíseach ar ardchaighdeán a sholáthar agus sainchomhairle a chur ar fáil don Stát**

## Fís na Saotharlainne Stáit

**Barr feabhais in anailís cheimiceach agus i nuálaíocht**

## Luachanna Saotharlainne Stáit

- **Anailís eolaíoch dhian, neamhspleách agus oibiachtúil**
- **Seirbhís ardchaighdeáin, shofhreagrúil do chliaint**
- **Cuntasach, gairmiúil, comhoibríoch agus freagrúil**



# Spriocanna Straitéiseacha



## Sproic 1: Daoine

Sa tSaotharlann Stáit, tá cultúr ardfheidhmíochta agus feabhsúchán leanúnach againn, a spreagann leibhéil arda rannpháirtíochta agus forbairt phearsanta. Tacaímid le folláine agus le cothromaíocht oibre is saoil na foirne le beartais lena n-áirítear uaireanta oibre solúbtha, roghanna oibre páirtaimseartha, sosanna gairme, obair chumaisc, agus gníomhaíochtaí spóirt agus sóisialta. Tá an tSaotharlann Stáit tiomanta do lucht saothair cuimsitheach agus éagsúil a chur chun cinn a léiríonn Éire an lae inniu agus na daoine ar a bhfreastalaímid. Déanaimid ár ndícheall cultúr a chruthú ina bhfuil an rochtain chéanna ag gach duine ar dheiseanna agus ina mothaíonn siad compordach agus muiníneach a bheith ar a ndóigh féin ag an obair.

*Gníomhartha*

- **Timpeallacht oibre chomhoibríoch, ardfheidhmíochta, dhearfach agus chuimsitheach a chur chun cinn**
- **Infheistíocht a dhéanamh inár bhfoireann chun cur ar a gcumas a lánacmhainneacht a bhaint amach**
- **Ceannairí eisceachtúla a fhorbairt**



## Sprioc 2: Nuálaíocht agus saineolas

Glacann an tSaotharlann Stáit nuálaíocht chuici féin chun feabhas leanúnach a chur ar sheirbhísí ranga, na seirbhísí is fearr atá ar fáil a sholáthar agus dul i ngleic leis an iliomad dúshlán agus deiseanna a thagann chun cinn. Tá sé riachtanach saineolas sa cheimic a fhorbairt chun go n-éireoidh leis an tSaotharlann amach anseo agus teastaíonn oiliúint, foghlaim ar an láthair oibre, cultúr taighde, rannpháirtíocht i ngrúpaí oibre idirnáisiúnta agus freastal ar chomhdhálacha agus ar cheardlanna. Chun go n-éireoidh linn, tá saineolas i ndisciplíní lena n-áirítear TF, Airgeadas, AD, Sláinte agus Sábháilteacht, agus Cumarsáid riachtanach freisin.

*Gníomhartha*

- **Timpeallacht a chothú ina mbíonn borradh faoin nuálaíocht agus faoin saineolas**
- **Ceannródaíocht a dhéanamh ar úsáid na dteicneolaíochtaí is déanaí chun ligean dúinn riachtanais athraitheacha na gcliant a shásamh**
- **Conairí soiléire a bhunú a chuireann foghlaim leanúnach agus sealbhú scileanna chun cinn don fhoireann le linn a ngairme**

# Spriocanna Straitéiseacha



## Sprioc 3: Cáilíocht

Insíonn ár gcliaint dúinn go seasta gurb é caighdeán na dtorthaí an ghné is tábhachtaí den tseirbhís a fhaigheann siad ón tSaotharlann Stáit. Iad siúd ar a mbíonn tionchar ag na torthaí anailíseacha agus ag an gcomhairle a thugaimid, tá muinín acu asainn go soláthróidh muid faisnéis chruinn iontaofa. Tá an tSaotharlann Stáit tiomanta do na caighdeáin is airde gairmiúlacht agus feabhas eolaíochta agus d'éiteas neamhspleáchais, ionracais agus neamhchlaontachta na seirbhíse poiblí.

***Gníomhartha***

- **Cultúr cuntasachta agus barr feabhais eolaíochta a choinneáil**
- **Córas Cáilíochta a fheidhmiú a chomhlíonann riachtanais ISO 17025**
- **Cultúr feabhsúchán leanúnach a chothú**




## Sprioc 4: Seirbhís do chliaint

I measc chliaint na Saotharlainne Stáit tá raon Ranna Rialtais agus Comhlachtaí Earnáil Phoiblí a bhfuil riachtanais éagsúla acu maidir le hanailís cheimiceach agus seirbhís chomhairleach. Tá an tSaotharlann Stáit tiomanta do sheirbhís ardchaighdeáin agus fhreagrúil a chur ar fáil do chliaint a bhfuil comhaontuithe leibhéal seirbhíse i bhfeidhm againn, atá curtha in oiriúint do riachtanais shonracha gach cliaint, mar aon le bealach soiléir chun acmhainní a chur ar fáil do riachtanais nua.

***Gníomhartha***

- **Tiomantas do cháilíocht agus iontaofacht a léiriú i ngach caidreamh le cliaint, trína gcothaítear muinín agus dílseacht le himeacht ama**
- **Aiseolas a bhailiú ó chliaint go rialta chun réimsí feabhsúcháin a aithint agus seirbhísí a chur in oiriúint dá roghanna**
- **A bheith sofhreagrúil chun freagairt do riachtanais athraitheacha ó chliaint**

# Strategic Goals



Ní mór don tSaotharlann Stáit a bheith inbhuanaithe chun a seirbhísí riachtanacha a sholáthar go fadtéarmach. Ciallaíonn sé sin oiriúnú go tapa d'athruithe eacnamaíocha, sóisialta agus comhshaoil lena n-áirítear beartas rialtais, reachtaíocht agus riachtanais chliaint. Mar chuid den Státseirbhís, tá an tSaotharlann Stáit tiomanta straitéisí agus luachanna na státseirbhíse a ghlacadh chuici féin. Cuid thábhachtach dár gcur chuige inbhuanaitheachta is ea gníomhaíochtaí a dhéanamh mar fhreagairt ar an ngéarchéim aeráide agus a bheith níos tíosaí ar fhuinneamh.

## Sprioc 5: Inbhuanaitheacht

*Gníomhartha*

- Ár dtionchar ar an aeráid agus ar an gcomhshaol a íoslaghdú
- Iarracht a dhéanamh éifeachtúlacht a bhaint amach i ngach rud a dhéanaimid
- Oiriúnú go tapa d'athruithe seachtracha chun eagraíocht rathúil a chothabháil
- Tionscnaimh chomhoibríocha a chruthú le heagraíochtaí eile chun dlús a chur leis an dul chun cinn i dtreo ár gcuspóirí

## Tacaíonn obair na Saotharlainne Stáit leis na Spriocanna um Fhorbairt Inbhuanaithe seo a leanas de chuid na Náisiún Aontaithe



# Liosta de Chliaint na Saotharlainne Stáit 2024

| Máthair-Roinn | Vóta | Cliant | Rannán | Seirbhís a chuirtear ar fáil |
|---|---|---|---|---|
| Talmhaíocht, Bia agus Mara | 30 | An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara | An Rannán Beartais um Shláinte Ainmhithe agus Allmhairí | Anailís ar shamplaí bia iompórtáilte chun tacú le Pleananna Rialaithe an Aontais i leith Iarmhair Drugaí Tréidliachta agus Éilleán. |
| Talmhaíocht, Bia agus Mara | 30 | An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara | An Rannán Rialaithe agus Deimhnithe Déiríochta | Anailís ar tháirgí déiríochta lena n-áirítear foirmle naíonán, bia chun críocha íocshláinte speisialta agus comhábhair a úsáidtear chun foirmle a tháirgeadh d'éilleáin éagsúla chun tacú le Plean Rialaithe Éilleán an AE. Anailís ar dheochanna uachtair le haghaidh ábhar alcóil. |
| Talmhaíocht, Bia agus Mara | 30 | An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara | Rannán na hÍocaíochta Dírí | Anailís ar THC agus cion taise barra cnáibe chun comhlíonadh teorainneacha a mheas ionas gur féidir le saothróirí leas a bhaint as tacaíochtaí airgeadais. |
| Talmhaíocht, Bia agus Mara | 30 | An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara | Ábhair bheatha, Leasacháin, Grán agus Éanlaith Chlóis | Anailís ar ábhair bheatha ainmhithe chun tacú le Clár Rialaithe Bliantúil Ábhair Bheatha d'Éirinn (FACP) agus anailís ar leasacháin agus aolchlocha i gcomhréir le Rialachán AE 2019/1009 agus IR 248/1978. |
| Talmhaíocht, Bia agus Mara | 30 | An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara | Rannóg Forbartha Thionscal an Bhia | Anailís ar Uisce Beatha éagsúla le haghaidh 13 comhaicmigh alcólacha so-ghalaithe chun tacú le fíordheimhniú Tásc Geografach faoi Chosaint (TGFC) ar Uiscí Beatha Éireannacha. |
| Talmhaíocht, Bia agus Mara | 30 | An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara | Gairneoireacht agus Sláinte Plandaí | Anailís ar shúnna torthaí le haghaidh patúiline, agus anailís ar ghlasraí glasa duilleacha le haghaidh leibhéil níotráite chun tacú le Plean Rialaithe Éilleán an AE. |

| Máthair-Roinn | Vóta | Cliant | Rannán | Seirbhís a chuirtear ar fáil |
|---|---|---|---|---|
| Talmhaíocht, Bia agus Mara | 30 | An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara | An Rannán Imscrúduithe | Anailís ar chógais tréidliachta urghafa chun an comhábhar/ na comhábhair ghníomhacha a shainaithint chun tacú le hionchúisimh agus anailís ar mháithreacha bitheolaíocha d'iarmhair drugaí tréidliachta chun tacú le hionchúisimh. |
| Talmhaíocht, Bia agus Mara | 30 | An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara | Seirbhís Saotharlainne Tréidliachta | Anailís ar thocsainigh i samplaí a tógadh ó éin chreiche, ainmhithe eile agus baoití amhrasta chun cabhrú le cúis an bháis a chinneadh. |
| Talmhaíocht, Bia agus Mara | 30 | An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara | An Rannóg Leigheasra Tréidliachta (An Plean Náisiúnta um Rialú Iarmhar) | Anailís ar shamplaí bitheolaíocha d'aicmí éagsúla drugaí tréidliachta chun tacú leis an bPlean Náisiúnta um Rialú Iarmhar |
| Talmhaíocht, Bia agus Mara | 30 | An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara | An Rannóg Leigheasra Tréidliachta (Plean Rialaithe Éilleán) | Anailís ar bhianna éagsúla de bhunadh ainmhíoch le haghaidh éilleáin éagsúla, lena n-áirítear truailleáin orgánacha halaiginithe mharthanacha agus míceatocsainí, chun tacú le Plean Rialaithe Éilleán an Aontais. |
| Fiontar, Trádáil agus Fostaíocht | 32 | An Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta | An tAonad um Cheadúnú agus Rialú Trádála; Infheistíocht Isteach agus an rannán Thuaidh-Theas; An Rannóg um Beartas Iomaíochta agus Tomhaltóirí. | Tacaíocht theicniúil agus comhairle i ndáil le táirgí ceimiceacha / tionsclaíocha atá faoi réir rialuithe trádála nó toirmisc smachtbhannaí. Athbhreithniú ar fhaisnéis theicniúil a bhaineann leis na foirmeacha iarratais lena n-áirítear uimhir Sheirbhís na gCoimrithe Ceimiceacha (CAS), aicmiú Ainmníocht Chomhcheangailte (AC) agus foirmle struchtúir. Ionadaíocht ag cruinnithe nuair is gá. |
| Comhshaol, Aeráid agus Cumarsáid | 29 | An Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide | Cáilíocht an Aeir agus Beartas Radaíochta Comhshaoil | Anailís ar olaí hidreacarbóin le haghaidh cion sulfair chun tacú le rialuithe AE maidir le faireachán comhshaoil ar chion sulfair olaí breosla sonracha. |

| Máthair-Roinn | Vóta | Cliant | Rannán | Seirbhís a chuirtear ar fáil |
|---|---|---|---|---|
| Comhshaol, Aeráid agus Cumarsáid | 29 | An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil | Ranna Cáilíocht an Aeir & Cáilíocht an Uisce | Anailís ar bhainne le haghaidh dé-ocsainí/ défheinil pholaclóirínithe (PCB) agus substaintí polafluarailcile (PFA) agus anailís ar iasc le haghaidh dé-ocsainí/PCBnna chun críocha monatóireacht chomhshaoil. |
| Gnóthaí Eachtracha | 28 | An Roinn Gnóthaí Eachtracha | An Rannóg Polaitiúil um Dhí-armáil agus Neamhleathadh | Tacaíocht theicniúil agus comhairle chun cabhrú le RGE oibleagáidí náisiúnta faoin gCoinbhinsiún um Airm Cheimiceacha a chomhlíonadh. |
| Sláinte | 38 | Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann | Sábháilteacht Cheimiceach | Anailís ar bhia le haghaidh truailleáin orgánacha mharthanacha halaiginithe chun tacú le Plean Rialaithe Éilleáin an Aontais. |
| Sláinte | 38 | Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann | Bianna Núíosacha | Anailís ar tháirgí bia núíosacha le haghaidh cannaibionóidigh éagsúla. |
| Sláinte | 38 | Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann | Bainistíocht Riosca & Gnóthaí Rialála, Iniúchadh & Imscrúdú | Anailís ar fhorlíontaí bia agus ar tháirgí gaolmhara le haghaidh comhábhair ghníomhacha chógaisíochta éagsúla. |
| Sláinte | 38 | An tÚdarás Rialála Táirgí Sláinte | Comhlíonadh | Anailís ar tháirgí íocshláinte a urghabhadh chun an comhábhar gníomhach nó na comhábhair ghníomhacha a shainaithint chun críocha forfheidhmiúcháin. |
| Sláinte | 38 | Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte | An tSeirbhís Sláinte Comhshaoil - Aonad Tacaíochta an Líonra um Rialú Tobac (TCNSU) | Anailís ar r-leachtanna le haghaidh nicitín agus toirte, agus anailís ar thoitíní le haghaidh nicitín, aonocsaíd charbóin, agus ábhar cáithníneach iomlán. |
| Sláinte | 38 | Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte | Ospidéil atá ceangailte leis an bhfochoiste Luathrabhaidh agus Treochtaí atá ag Teacht Chun Cinn, faoi chathaoirleacht na Roinne Sláinte. | Anailís ar Shubstaintí Sícighníomhacha Nua (NPS) chun cabhrú le FSS i gcláir laghdaithe díobhála. |

| **Máthair-Roinn** | **Vóta** | **Cliant** | **Rannán** | **Seirbhís a chuirtear ar fáil** |
|---|---|---|---|---|
| Tithíocht, Rialtas Áitiúil agus Oidhreacht | 34 | Chester Beatty | | Iarratais ócáideacha ar anailís ar shamplaí ealaíne agus oidhreachta. |
| Tithíocht, Rialtas Áitiúil agus Oidhreacht | 34 | An Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta | An tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra | Anailís ar thocsainigh i samplaí a tógadh ó éin chreiche, ainmhithe eile agus baoití amhrasta chun cabhrú le cúis an bháis a chinneadh. |
| Tithíocht, Rialtas Áitiúil agus Oidhreacht | 34 | Cartlann Náisiúnta na hÉireann | | Iarratais ócáideacha ar anailís ar shamplaí ealaíne agus oidhreachta. |
| Tithíocht, Rialtas Áitiúil agus Oidhreacht | 34 | Gailearaí Náisiúnta na hÉireann | | Iarratais ócáideacha ar anailís ar shamplaí ealaíne agus oidhreachta. |
| Tithíocht, Rialtas Áitiúil agus Oidhreacht | 34 | Leabharlann Náisiúnta na hÉireann | | Iarratais ócáideacha ar anailís ar shamplaí ealaíne agus oidhreachta. |
| Tithíocht, Rialtas Áitiúil agus Oidhreacht | 34 | Ard-Mhúsaem na hÉireann | | Iarratais ócáideacha ar anailís ar shamplaí ealaíne agus oidhreachta. |
| Ceartas | 24 | An Roinn Dlí agus Cirt | An tSeirbhís Cróinéara | Anailís ar shamplaí ó scrúduithe iarbháis chun láithreacht nó easpa eatánóil, drugaí dleathacha agus mídhleathacha agus substaintí tocsaineacha eile a dheimhniú chun cabhrú le cúis an bháis a chinneadh |
| Ceartas | 24 | An Roinn Dlí agus Cirt | Oifig an Phaiteolaí Stáit | Anailís ar shamplaí ó scrúduithe iarbháis chun láithreacht nó easpa eatánóil, drugaí dleathacha agus mídhleathacha agus substaintí tocsaineacha eile a dheimhniú chun cabhrú le cúis an bháis in imscrúduithe coiriúla a chinneadh. |
| Na Coimisinéirí Ioncaim | 9 | Na Coimisinéirí Ioncaim | An tAonad Aicmithe, Tionscnaimh agus Luachála, Rannóg Aicmithe A | Seirbhís chomhairleach chuimsitheach um aicmiú taraifí (comhairliúchán custaim agus deimhniú sonrach maidir le haicmiú taraife). Ionadaíocht ag cruinnithe na hEagraíochta Domhanda Custam (WCO) agus an Choiste Chomhairligh Custam (CCC) nuair is gá. |

| Máthair-Roinn | Vóta | Cliant | Rannán | Seirbhís a chuirtear ar fáil |
|---|---|---|---|---|
| Na Coimisinéirí Ioncaim | 9 | Na Coimisinéirí Ioncaim | An Rannán Imscrúdaithe, Ionchúisimh agus Bainistíochta Teorann (IPFMD) | Anailís ar olaí mianracha, deochanna alcólacha agus táirgí ina bhfuil alcól neamh-inólta le haghaidh paraiméadair éagsúla chun tacú leis na Coimisinéirí Ioncaim na dleachtanna máil cuí is infheidhme a chinneadh, calaois a chomhrac agus biotáille ghóchumtha a tháirgeadh agus a dháileadh. |
| Na Coimisinéirí Ioncaim | 9 | Na Coimisinéirí Ioncaim | An Rannán Imscrúduithe, Ionchúiseamh agus Bainistíocht Teorann (IPFMD) | Anailís ar dhrugaí amhrasta urghafa, chun ábhar teitrihidreacannaibionóil (THC) a chinneadh, nó chun anailítí toirmiscthe eile a aithint. |
| Na Coimisinéirí Ioncaim | 9 | Na Coimisinéirí Ioncaim | Rannán na gCásanna Móra (LCD) | Anailís ar tháirgí ina bhfuil alcól do %ABV chun tacú leis na Coimisinéirí Ioncaim an dleacht mháil iníoctha a chinneadh agus monatóireacht a dhéanamh ar chomhlíonadh. |
| Iompar | 31 | An Roinn Iompair | Oifig na Suirbhéireachta Muirí | Anailís ar olaí mara le haghaidh cion sulfair a thagann faoi reachtaíocht Náisiúnta, MARPOL & AE (Treoir AE 2016/802: An tAcht um Thruailliú na Farraige, 1991 (arna leasú): IR 361 de 2015). |
| Iompar | 31 | An Roinn Iompair | Garda Cósta na hÉireann | Ionadaí d'Éirinn i Líonra Aitheantais Doirte Ola (OSINet). Tacaíonn OSINet lena bhaill anailís fhóiréinseach ola a úsáid chun bunús an truaillithe mhuirí ag ola a chruthú agus mar fhianaise ar aisíocaíocht chostas na n-oibríochtaí freagartha faoi éilimh rialtais. |